# Aisling Ghaeltachta: Ceacht 4 (3:55-4:40)

## Réamhobair

**Pléigh na ceisteanna seo le do chara roimh bhreathnú ar an mír**

- Cad a itheann tú gach maidin don bhricfeasta?
  - Ithim gránach bricfeasta le bainne☐
  - Ithim ósta le him agus le subh☐
  - Ithim uibheacha☐
  - Ithim ispíní☐


- Cén rud is fearr leat a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?
  - Is fearr liom spórt a imirt☐
  - Is fearr liom dul go dtí an phictiúrlann☐
  - Is fearr liom siopadóireacht a dhéanamh☐
  - Is fearr liom dul amach le mo chairde☐

- Cén t-am a chríochnaíonn do lá scoile?
  - Críochnaíonn an lá scoile ar a trí a chlog ☐
  - Críochnaíonn an lá scoile ar leathuair tar éis a trí☐
  - Críochnaíonn an lá scoile ar a ceathair a chlog ☐
  - Críochnaíonn an lá scoile ar leathuair tar éis a ceathair☐
  - Críochnaíonn an lá scoile ar am eile☐

**Anois, féach ar an mír go dtí 4:40 agus líon isteach an freagra ceart:**

| | |
|---|---|
| Cén áit ar mhaith le Colm dul le hAisling? | a. an chathair<br>b. an pháirc<br>c. an phictiúrlann |
| Ba mhaith le Colm bualadh le hAisling ar | a. a cúig a chlog<br>b. a sé a chlog<br>c. a hocht a chlog |
| Sna leithris cuireann Naoise ________ar Aisling | a. smideadh<br>b. náire<br>c. éadaí nua |
| Caitheann Aisling na héadaí seo chun bualadh le Colm | a. barréide dhonn agus jíons<br>b. gúna gorm<br>c. barréide ghorm agus bríste dubh |
| Conas a mhothaíonn Aisling agus í ag dul amach? | a. ar bís<br>b. tuirseach<br>c. cúthail |





**Anois, le do chara, an féidir leat breathnú ar an mbileog seo?**

Pictiúrlann Ard Mhaca
An Chearnóg Mhór, Ard Mhaca, Éire

Scannáin na Seachtaine 1 Meán Fómhair – 7 Meán Fómhair

| | |
|---|---|
| Downton Abbey | 3.30, 5.30, 8.00, 9.30 Luan go hAoine |
| Minions | 10.00, 12.00, 2.30, 4.00 Satharn agus Domhnach |
| Kneecap | 5:00, 6:00, 8:00, 9.30 Luan go hAoine |
| Wicked | 6:30, 8:30, 9:00 Céadaoin, Déardaoin, Aoine, Satharn |

Milseáin, gráin rósta agus buidéal cóc ar 10 bpunt le ticéad go scannán ar bith roimh 5:00

**Pléigh na ceisteanna seo anois eadraibh.**

- Cén scannán gur mhaith leat a fheiceáil? Cén fáth?
- Cén laethanta a bheidh Downton Abbey le feiceáil?
- Cén amanna a bheidh Kneecap ar siúl?
- Céard is féidir a cheannach ar 10 bpunt?
- An maith leat milseáin agus gráin rósta a ithe ag an bpictiúrlann?

**Anois, féach ar na ceithre phictiúr seo agus déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú iontu. Seo foclóir úsáideach daoibh!**

- Bheartaigh sí
- Cheannaigh sí ticéad
- Scannán uafáis
- Bia blasta
- Roghnaigh sí
- Aisteoir iontach
- Ag screadaíl
- Ag caoineadh
- Bhain sí sult as
- Oíche den scoth ab ea í









